An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánphártíochta agus Óige (RLCMLÓ) agus an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO)

# Ráiteas Príobháideachais le haghaidh Rannpháirtithe sa Suirbhé um Ag Fás Aníos in Éirinn

Iúil 2021

## Cuspóir

De réir na reachtaíochta um Chosaint Sonraí, tá roinnt ceart ag daoine aonair maidir leis na sonraí pearsanta atá á gcoimeád ag eagraíocht fúthu. Is é aidhm an fhógartha seo tú a chur ar an eolas, i do cháilíocht mar rannpháirtí de chuid an tsuirbhé um ***Ag Fás Aníos in Éirinn***, faoi na sonraí a phróiseáiltear sa tionscadal ***Ag Fás Aníos in Éirinn***, faoin gcaoi a láimhseáiltear na sonraí sin agus maidir leis na cearta atá agat.

## Cé muidne agus conas teagmháil a dhéanamh linn?

Tá an tionscadal ***Ag Fás Aníos in Éirinn*** **(GUI)** maoinithe ag an **An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánphártíochta agus Óige** (RLCMLÓ) agus tá sé á bhainistiú ag an RLCMLÓ i gcomhar leis an **bPríomh-Oifig Staidrimh** (CSO). Déantar an GUI faoi shocrú bunaithe ar alt 11 den Acht Staidrimh 1993, lena gceadaítear don Phríomh-Oifig Staidrimh socruithe a dhéanamh le comhlachtaí poiblí eile chun faisnéis a bhailiú, a thiomsú, a eastóscadh nó a scaipeadh chun críocha na staidrimh.

**Is comhrialaitheoirí sonraí iad an RLCMLÓ agus an CSO atá freagrach as na sonraí pearsanta a bhailítear sa GUI.**

Roinn Rialtais a threoraíonn an iarracht na torthaí do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn a fheabhsú is í an RLCMLÓ. Is í an Phríomh-Oifig Staidrimh an oifig náisiúnta staidrimh in Éirinn. Déantar obair na Príomh-Oifige Staidrimh faoin Acht Staidrimh, 1993, ina bhfuil foráil déanta maidir le bailiúchán, tiomsú agus scaipeadh sonraí chun críocha staidrimh i gcás sonraí a bhaineann le gníomhaíochtaí agus cuspóirí eacnamaíocha, sóisialta agus ginearálta sa Stát.

Bailítear sonraí d'shuirbhé an GUI faoi alt 24 den Acht Staidrimh, 1993.

Tá an RLCMLÓ agus Oifigigh Cosanta Sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh (DPOnna) freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar cheisteanna maidir leis an Ráiteas Príobháideachais seo (sonraí teagmhála ag seo, thíos). Má tá aon cheist agat faoin ráiteas seo nó má tá tú ag iarraidh do chearta dlíthiúla a fheidhmiú, téigh i dteagmháil linn nó cuir chuig Oifigeach Cosanta Sonraí an RLCMLÓ iad:

An tOifigeach Cosanta Sonraí,
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánphártíochta agus Óige,
Bloc 1,
Miesian Plaza,
50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2
D02 XWI4, Saorphost F5055
Fón: 01-6473000
Ríomhphost: sar@equality.gov.ie

Ag seo, sonraí teagmhála an Oifigigh Chosanta Sonraí sa CSO:

Maria Hurley, Uas.
An tOifigeach Cosanta Sonraí,
An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde,
Corcaigh

T12 X00E
Fón: 021-4535000
Ríomhphost: dpo@cso.ie

Tá páirt á glacadh ag an **Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI)** sa GUI freisin. Tá an ESRI coimisiúnaithe ag an RLCMLÓ chun an suirbhé GUI a dhéanamh thar ceann na Roinne. Institiúid taighde is í an ESRI arna maoiniú í le hioncam a ghintear trí thaighde a dhéanamh do roinnt ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, chomh maith le tionscadail taighde coimisiúnaithe, deontais taighde iomaíocha agus deontais-i-gcabhair ón rialtas.

**Bailíonn an ESRI sonraí don GUI thar ceann an RLCMLÓ, agus is é an Próiseálaí Sonraí faoin gconradh GUI atá déanta leis an RLCMLÓ.**

## Cad é Ag Fás Aníos in Éirinn?

Is é ***Ag Fás Aníos in Éirinn (GUI)*** an staidéar fadaimseartha náisiúnta ar leanaí in Éirinn, arna mhaoiniú ag an RLCMLÓ. Déanann an RLCMLÓ bainistíocht agus maoirseacht ar an staidéar i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh. Is é cuibhreannas taighdeoirí faoi stiúir an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) a dhéanann an staidéar.

Bailítear sonraí go léir an GUI faoi alt 24 den Acht Staidrimh, 1993. San Acht Staidrimh, tá cosaint tugtha do rúndacht na sonraí a sholáthraíonn tú don suirbhé GUI agus deimhnítear nach féidir iad a úsáid ach amháin chun críocha staidrimh.

Bailíonn an GUI sonraí chun beartais agus seirbhísí poiblí a bhaineann le leanaí, daoine óga agus teaghlaigh a threorú i réimsí éagsúla, an t-oideachas, an cúram leanaí, an tsláinte choirp agus an mheabhairshláinte, mar shampla, nó an fhostaíocht, an oiliúint agus an t-ionchuimsiú sóisialta. Déanann Coiste Eitice Taighde neamhspleách scrúdú eiticiúil géar ar gach uile nós imeachta agus prótacal a ghlactar leis sa suirbhé GUI, chomh maith leis na ceistneoirí agus na tástálacha go léir a úsáidtear.

Mar chuid den GUI, bailítear sonraí trí shuirbhéanna a chur ar leanaí, ar dhaoine óga agus ar a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí. Bailítear sonraí faoi na páistí óna múinteoirí scoile freisin más ag freastal ar an mbunscoil atá siad. Bailítear sonraí faoi na scoileanna ar a bhfreastalaíonn na rannpháirtithe i suirbhé an GUI ó Phríomhoidí scoile. Suirbhé fadaimseartha atá sa GUI, agus mar sin déantar teagmháil leis na daoine céanna arís agus arís eile le himeacht ama chun cabhrú linn tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil saol na leanaí agus na ndaoine óga ag forbairt agus ag dul chun cinn.

Rinne an tionscadal GUI suirbhé ar dhá ghrúpa, nó chohórt: **Cohórt ’98** a rugadh an chuid is mó díobh in 1998 (agus a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí); agus **Cohórt ’08** a rugadh an chuid is mó díobh in 2008 (agus a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí).

Cuireadh tús leis an mbailiúchán sonraí do Chohórt ’98 nuair a bhí na leanaí 9 mbliana d’aois, in 2007/2008, agus rinneadh amhlaidh den athuair nuair a bhí siad 13, 17 agus 20 bliain d’aois. Cuireadh tús leis an mbailiúchán sonraí do Chohórt ’08 nuair a bhí na leanaí ina naíonáin 9 mí d’aois in 2008/2009 agus arís nuair a bhí siad 3, 5, 7/8, agus 9 mbliana d’aois. Déanfar suirbhé arís ar Chohórt ’08 in 2021 nuair a bheidh na leanaí 13 bliana d’aois.

**Sainmhínithe**

- *Sonraí pearsanta*
  Ciallaíonn *sonraí pearsanta* aon fhaisnéis a bhaineann **le duine beo** lenar féidir an duine sin a aithint, go díreach nó go hindíreach. Is féidir ainm a bheith i gceist, nó uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó d'aon chúinse amháin nó níos mó a bhaineann go sonrach le haitheantas fisiciúil, fiseolaíoch, géiniteach, meabhrach, eacnamaíoch, cultúrtha nó sóisialta an duine sin.

- *Catagóirí Speisialta Sonraí Pearsanta*
  Ciallaíonn *catagóirí speisialta sonraí pearsanta* sonraí a nochtann bunús ciníoch nó eitneach; tuairimí polaitiúla nó creideamh reiligiúnach nó fealsúnachta; ballraíocht ceardchumann; sonraí géiniteacha; sonraí bithmhéadracha; sonraí maidir leis an tsláinte; saol gnéis nó claonadh gnéasach an duine aonair.

- *An Phróiseáil Sonraí*
  Ciallaíonn *próiseáil* aon rud a dhéanamh leis na sonraí, mar shampla na sonraí a stóráil, rochtain a fháil orthu, iad a nochtadh, a scriosadh nó a úsáid ar aon bhealach ar bith.

**Cad é an cuspóir agus an bunús sa dlí chun sonraí pearsanta a phróiseáil ó na rannpháirtithe sa suirbhé *Ag Fás Aníos in Éirinn*?**

Tá an bonn dleathach faoinar féidir sonraí pearsanta a phróiseáil leagtha amach in Airteagal 6 de Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí Chosaint Sonraí an AE (RGCS). Is féidir níos mó ná aon bhonn dleathach amháin a bheith ann maidir leis an bpróiseáil sonraí pearsanta. Tá an bonn dlíthiúil chun sonraí ón GUI a phróiseáil le fáil in Airteagal 6 (c) agus (e), agus tá siad sainmhínithe ag seo thíos.

- Faoi Airteagal 6 (c), tá gá ann leis an bpróiseáil chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh. Mar chomhrialaitheoir sonraí an GUI, déanann **an Phríomh-Oifig Staidrimh** do chuid shonraí pearsanta a phróiseáil i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe dó faoin reachtaíocht agus i gcomhlíonadh oibleagáide dlíthiúla atá ar an bPríomh-Oifig Staidrimh a fhorchuirtear leis an Acht Staidrimh, 1993.

- Faoi Airteagal 6 (e), tá gá le próiseáil sonraí chun tasc a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó chun údarás oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir a fheidhmiú. Mar chomh-rialaitheoir sonraí an GUI, **déanann an RLCMLÓ conradh leis an ESRI** chun do chuid shonraí pearsanta a phróiseáil chun tasc a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail agus chun an t-údarás oifigiúil atá dílsithe don Aire agus don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánphártíochta agus Óige a fheidhmiú.

Anuas air sin, tá foráil déanta le hAirteagal 9 (2) (j) don phróiseáil catagóirí speisialta sonraí pearsanta chun críocha staidrimh. Cuimsítear leis sin sonraí arna mbailiú i ngach aon bhabhta den suirbhé maidir leis an eitneachas, an creideamh, an tsláinte (lena n-áirítear an mheabhairshláinte); agus sonraí arna mbailiú i roinnt babhtaí den suirbhé ar thuairimí polaitiúla, ballraíocht ceardchumann, claonadh gnéasach agus iompar. Tá cur síos breise orthu siúd, thíos faoin gceannteideal 'Suirbhé Shonraí'.

Is próiseálaí sonraí é an **ESRI** chun críche an GUI agus déanann sé do chuid sonraí pearsanta agus catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil chun **críocha staidrimh** de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí Ina dtaca sin, déantar torthaí an staidéir GUI a phoibliú ach gan an duine aonair a aithint, ionas gur féidir an taighde agus an beartas a threorú. Ní féidir sonraí suirbhé GUI a úsáid ach amháin chun críocha staidrimh agus ní dhéanann an RLCMLÓ, an CSO ná an ESRI sonraí inaitheanta pearsanta a roinnt le haon tríú páirtí lasmuigh den tionscadal GUI.

D'fhonn an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as an bhfaisnéis a sholáthraíonn rannpháirtithe an tsuirbhé, féadfar don Phríomh-Oifig Staidrimh - a fheidhmíonn de réir na nósanna imeachta rialaithe is déine - an fhaisnéis ón suirbhé seo a nascadh le cineálacha eile faisnéise a choinnítear faoi rannpháirtithe an tsuirbhé nó faoi na ceantair ina bhfuil siad ina gcónaí. Ní dhéanfaí é sin ach amháin chun críocha taighde staidrimh faoin Acht Staidrimh 1993 agus ní bheadh aon fhaisnéis phearsanta faoi na rannpháirtithe áirithe i dtorthaí na hanailíse. Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar nascacht sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh, féach https://www.cso.ie/en/aboutus/lgdp/csodatapolicies/csodataprotocol/csodataprotocolregister/

### Cén sonraí pearsanta de chuid na rannpháirtithe i suirbhé *Ag Fás Aníos in Éirinn* a phróiseálaimid?

**Sonraí Teagmhála:** Ós rud é go ndéantar teagmháil leis na daoine agus na teaghlaigh chéanna ag uaireanta éagsúla le himeacht ama, ní mór don fhoireann um an Staidéir GUI san ESRI sonraí teagmhála de na rannpháirtithe in GUI a choinneáil, idir thuismitheoirí agus leanaí nó daoine óga, d'fhonn na suirbhéanna a dhéanamh thar ceann an RLCMLÓ. I measc na sonraí teagmhála sin, áirítear: ainm an duine, a sheoladh, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist, uimhir fóin phóca agus sonraí teagmhála duine eile, seantuismitheoir, mar shampla, a d'fhéadfadh a bheith in ann cabhrú linn an teagmháil a choimeád leis an líon tí sa chás go mbogann siad chuig teach nua. Tá sonraí GPS agus Éirchód an tí coimeádta ag GUI chomh maith.

**Uimhir CAO:** Tá roinnt freagróirí sa tsuirbhé a chuireann an fhaisnéis seo ar fáil le linn shuirbhé GUI, agus atá toilteanach amhlaidh a dhéanamh. Ní úsáidtear an fhaisnéis sin ach amháin chun cuid den fhaisnéis a chuirtear ar fáil san agallamh suirbhé a mheaitseáil leis na sonraí a atá ina fhoirm iarratais CAO chun áit a fháil ar chúrsaí breisoideachais nó ardoideachais.

**UPSP**: Coinnítear uimhir PSP an duine i gcás daoine éagsúla ó Chohórt '08 a chuir ar fáil dúinn í le linn don tsuirbhé chun críocha rianaithe agus chun críocha sonraí GUI a mheaitseáil le sonraí eile (sonraí soláthraithe cúram leanaí, mar shampla).

**Sonraí Suirbhé**: Bailítear faisnéis faoin leanbh agus faoina thuismitheoirí sna réimsí seo a leanas:

- Cineál Teaghlaigh agus Struchtúr Teaghlaigh, lena n-áirítear faisnéis faoi shocruithe cúraim leanaí agus faoi sholáthraithe cúraim leanaí.
- Saintréithe Sochdhéimeagrafacha, lena n-áirítear leibhéal oideachais, ioncaim, taithí oibre, náisiúntacht, eitneachas, stádas imirceach, stádas pósta.
- An Fholláine Choirp, lena n-áirítear aibíocht agus stádas agus forbairt sláinte choirp, airde tomhaiste, meáchan, brú fola, aiste bia, aclaíocht, iompraíochtaí sláinte contúirteacha, úsáid seirbhísí sláinte, gníomhaíochtaí neamhghníomhacha.
- An Fholláine Shoch-mhothúchánach, lena n-áirítear meabhairshláinte an linbh agus a dtuismitheoirí, a stádas sláinte síceolaíoch, mothúchánach agus meabhrach, a bhforbairt soch-mhothúchánach agus iompraíochta, a bhféinchoincheap agus a n-iompar sóisialta.

- An tOideachas agus an Fhorbairt Chognaíoch, lena n-áirítear an rannpháirtíocht san oideachas, a mianta oideachais, a bhforbairt chognaíoch agus a measúnú cognaíoch, conas atá ag éirí leis an leanbh nó leis an duine óg ar scoil, leis na hábhair scoile, conas a réitíonn sé leis na múinteoirí agus lena phiaraí, chomh maith le faisnéis faoin dalta agus faoin scoil arna mbailiú ó mhúinteoirí agus ó phríomhoide na scoile.
- Caidrimh leis na dtuismitheoirí, faisnéis faoin leanbh ó thuismitheoirí, socruithe tuismitheoireachta idir tuismitheoirí, caidrimh idir tuismitheoirí agus leanaí, idir leanaí / daoine óga agus a bpiaraí. Tagraíonn tuismitheoirí d'aon tuismitheoirí a ghlacann páirt sa tsuirbhé, cibé an bhfuil cónaí orthu sa teaghlach nó in áit eile.
- Freagracht Shóisialta agus Rannpháirtíocht Shóisialta, lena n-áirítear dialann gníomhaíochta, rannpháirtíocht i gclubanna agus san obair dheonach, an iompar frithshóisialta, cúraimí tí, a bheith réidh don saol tar éis scoile.

Bailítear faisnéis ó sholáthraithe cúram leanaí freisin, lena n-áirítear faisnéis faoin leanbh sa staidéar GUI maidir le cé chomh fada agus a d'fhreastail an leanbh ar an ionad, an líon uaireanta agus laethanta sa tseachtain a fhreastalaíonn siad ann agus cé chomh furasta agus atá sé caidreamh maith a bheith agat leis an leanbh.

Bailítear sonraí an GUI den chuid is mó trí cheistneoirí suirbhé a riarann agallóir ag úsáid ríomhaire glúine sa bhaile. Is féidir sonraí a bhailiú freisin trí agallaimh teileafóin ríomhchuidithe nó trí chórais suirbhéireachta ar líne an CSO. Mar sin féin, bailíodh sonraí breise trí agallaimh phearsanta a dhéanamh le 122 tuismitheoir i gCohórt '08 ag naoi mí d'aois agus le 122 tuismitheoir agus 122 leanbh i gCohórt '98 nuair a bhí na leanaí naoi mbliana d'aois. Sna hagallaimh seo rinneadh scrúdú ar na saincheisteanna céanna is a bhí i gceistneoir an tsuirbhé GUI ach an uair seo rinneadh é níos doimhne.

Is féidir sonraí iomlána na sonraí arna mbailiú i ngach tonn den GUI a fháil sna ceistneoirí: https://www.growingup.ie/questionnaires/.

Foilsítear eolas faoi ábharthacht na faisnéise a bhailítear sna Tuarascálacha Dearaidh agus Ionstraimíochta do na tonnta ábhartha sonraí ar shuíomh gréasáin ***Ag Fás Aníos in Éirinn***: https://www.growingup.ie/growing-up-in-ireland-publications/.

Stóráiltear sonraí an tsuirbhé ag an ESRI, agus aon fhaisnéis aitheantais bainte amach astu. Déantar sonraí an tsuirbhé a phróiseáil intí laistigh den ESRI thar ceann an RLCMLÓ agus ainm bréige curtha leis na sonraí (agus baintear an fhaisnéis aitheantais go léir astu).

Déantar na sonraí seo a phróiseáil chun críocha staidrimh faoin Acht Staidrimh 1993. Déantar cúram mór rúndacht na sonraí a chuirtear ar fáil a chinntiú. Ní scaoiltear ná ní fhoilsítear aon sonraí a d'fhéadfadh duine nó teaghlach ar leith a aithint.

Faoi Alt 32 den Acht Staidrimh 1993 ní bhainfear úsáid as aon phíosa ar bith den fhaisnéis a thaifeadtar *'… ach amháin chun staidreamh a thiomsú agus a anailísiú'*. Ar an mbealach céanna, ní cheadaítear den fhaisnéis a thaifeadtar le linn an Staidéir ***Ag Fás Aníos in Éirinn*** a scaoileadh ar bhealach lenar '… *féidir é a nascadh le duine inaitheanta nó le gnóthas inaitheanta … .. ' … seachas le toiliú i scríbhinn ón duine sin nó ón ngnóthas sin …* ' (Alt 33, an tAcht Staidrimh 1993).

Is cion faoin Acht Staidrimh 1993 é na sonraí arna mbailiú le linn an staidéir ***Ag Fás Aníos in Éirinn*** a úsáid chun aon chríche eile nó iad a scaoileadh ar bhealach ina mbeifear in ann iad a

nascadh le duine inaitheanta, agus bheadh sé i gcoinne na bprionsabal cosanta sonraí amhlaidh a dhéanamh.

## An ndéanaimid sonraí pearsanta a roinnt le haon tríú páirtithe ar bith?

Ní dhéanann an RLCMLÓ, an CSO nó an ESRI na sonraí pearsanta a bhailítear sa suirbhé a roinnt le haon tríú páirtithe ar bith lasmuigh den tionscadal GUI.

Tá dhá chineál de thacair shonraí um ***Ag Fás Aníos in Éirinn*** ann nach bhfuil aon fhaisnéis inaitheanta phearsanta iontu a bhíonn curtha ar fáil chun críocha na taighde dlisteanacha. Déantar na tacair sonraí seo a ullmhú faoi choimirce na Príomh-Oifige Staidrimh agus i gcomhréir dhlúth leis an Acht Staidrimh 1993 lena chinntiú go gcosnaítear rúndacht na rannpháirtithe in GUI.

- Cuirtear tacair shonraí de chuid ***Ag Fás Aníos in Éirinn*** ar a dtugtar Comhaid Mhicreashonraí Gan Ainm (AMFanna) ar fáil do thaighdeoirí i gCartlann Sonraí Eolaíochtaí Sóisialta na hÉireann. Féach http://www.ucd.ie/issda/data/growingupinirelandgui/
- Cuirtear tacar sonraí de chuid ***Ag Fás Aníos in Éirinn***, ar a dtugtar Comhaid Mhicreashonraí Taighdeora (RMFanna) ina bhfuil níos mó sonraí ná mar atá sna AMFanna, ar fáil tríd an bPríomh-Oifig Staidrimh de réir choinníollacha dochta agus rialaithe, má tá Ard-Stiúrthóir an Phríomh-Oifig Staidrimh sásta amhlaidh a cheadú, féach https://www.cso.ie/en/aboutus/lgdp/csodatapolicies/dataforresearchers/rmfapplicationprocedure/

Faoi láthair, tá na tacair sonraí seo ar fáil i gcás sonraí a bailíodh iad ó Chohórt ‘08 ag na céimeanna 9 mí, 3 bliana, 5 bliana, agus 7/8 mbliana; agus ó Cohórt ’98 ag na céimeanna 9 mbliana, 13 bliana agus 17/18 mbliana.

## Sonraí ó Agallaimh Phearsanta

Cuirtear tacair sonraí bunaithe ar na sonraí breise GUI a bailíodh sna hagallaimh cháilíochtúla nó phearsanta a rinneadh leis na tuismitheoirí agus na leanaí sa chéad tonn de Chohórt ’98 agus Cohórt ’08 (ag aois 9 mbliana agus 9 mí faoi seach) ar fáil chun críocha taighde. Níl aon fhaisnéis aitheantais sna tacair sonraí seo agus tá siad curtha i gcartlann in Ollscoil Mhaigh Nuad, féach https://www.maynoothuniversity.ie/iqda

## Cé chomh fada is a stórálfar sonraí an GUI?

Is tionscadal fadaimseartha é ***Ag Fás Aníos in Éirinn***, agus bíonn sé i gceist filleadh ar na rannpháirtithe ag tréimhsí éagsúla thar roinnt blianta chun fhaisnéis a bhailiú faoi fhás agus fhorbairt leanaí agus daoine óga le himeacht ama. Ós rud é gur tionscadal fadaimseartha atá sa GUI, ní mór sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta íogaire an rannpháirtí ar leith a choinneáil ar feadh fhad rannpháirtíocht an duine sin leis an tionscadal GUI, ar a laghad.

Sa chás nach dteastaíonn sonraí aitheantais a thuilleadh chun críocha an tsuirbhé nó sa chás nach mbaileofar aon sonraí breise maidir le rannpháirtí áirithe (m.sh. toisc gur scoir siad ón rannpháirtíocht sa suirbhé nó go bhfuair siad bás), déantar na sonraí teagmhála a scrios ionas go mbeidh na sonraí gan ainm as sin amach, agus coimeádtar na sonraí gan ainm sin ar feadh tréimhse éiginnte.

## Cad iad na cearta atá agat i do cháilíocht mar ábhar na sonraí?

Tugann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) na cearta seo a leanas don duine aonair:

**i. An ceart chun faisnéise**

**ii. An ceart rochtana**

**iii. An ceart chun ceartúcháin**

**iv. An ceart go ndéanfaí léirscriosadh**

**v. An ceart chun an phróiseáil a shrianadh.**

**vi. An ceart agóid a dhéanamh in aghaidh phróiseáil shonraí pearsanta**

Faoi Airteagal 89 (2) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ceadaítear maoluithe ó chearta ábhair sonraí i gcás ina ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha na taighde eolaíche / stairiúla agus chun críocha staidrimh araon. Tá feidhm ag na maoluithe sin maidir le do cheart rochtana, do cheart chun ceartúcháin, do cheart chun an phróiseáil a shrianadh agus do cheart chun agóid a dhéanamh sa chás, agus sa chás sin amháin, go bhfuil sé dóchúil go bhfágfaidh sé go mbeadh na cuspóirí staidrimh sonracha dodhéanta nó go gcuirfidh sé isteach go mór orthu mar gheall ar na maoluithe a bheith curtha i bhfeidhm.

## Conas is féidir liom Iarratas an Duine ar a Shonraí a chur isteach?

Más mian leat Iarratas an Duine ar a Shonraí a dhéanamh, is é an bealach is éifeachtaí chun é sin a dhéanamh ná iarratas i scríbhinn a chur isteach san Aonad um Chosaint Sonraí sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánphártíochta agus Óige ag an seoladh seo a leanas:

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánphártíochta agus Óige,
Bloc 1,
Miesian Plaza,
50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2
D02 XWI4, Saorphost F5055
Fón: 01-6473000
Ríomhphost: sar@equality.gov.ie

Féadfar duit iarratas a dhéanamh go díreach chuig ball de chuid na Foirne Suirbhéireachta le Ag Fás Aníos in Éirinn. Ina leithéid de chás, cuirfidh siad an iarraidh ar aghaidh láithreach bonn chuig Aonad Cosanta Sonraí na Roinne, agus rachaidh siadsan i dteagmháil leat maidir le haon cheanglais atá ann.

D'fhonn próiseáil d'iarraidh a éascú agus chun do shonraí pearsanta a aimsiú go tráthúil, féadfar go n-iarrfaí ort na sonraí seo a leanas a sholáthar:

- D'ainm iomlán:

- Mionsonraí faoi na sonraí pearsanta atá á n-iarraidh agat
- Aon fhaisnéis ábhartha eile a bheadh de chabhair dúinn freagra a thabhairt ar d'iarraidh, m.sh. an tréimhse ama a bhaineann leis na sonraí ar a bhfuil tú ag iarraidh rochtain.
- An modh is mian leat go gcuirfí na sonraí ar fáil duit (i litir, ríomhphost srl. m.sh.).

**Aitheantas a Dhéanamh**

D'fhonn a chinntiú nach nochtar sonraí pearsanta don duine mícheart, beidh ort cruthúnas aitheantais a sholáthar sular féidir linn d'iarratas a phróiseáil.

Sa chás go bhfuil tríú páirtí, dála aturnae, ag déanamh iarratas thar do cheann, beifear ag iarraidh údarás agus fíorú chuige sin.

Le haghaidh tuilleadh eolas faoin gcosaint sonraí, féach http://gdprandyou.ie.

**Conas a chuirfear an fhaisnéis ar fáil duit?**

Nuair a dhéanann tú an iarraidh ar mhodh leictreonach, cuirfear an fhaisnéis ar fáil duit ar mhodh leictreonach, nuair is féidir, ach amháin sa chás go n-iarrann tú a mhalairt.

**Cad iad na frámaí ama chun déileáil le hiarratas duine ar a shonraí pearsanta?**

Ní mór freagra a thabhairt ar d'iarratas laistigh de 1 mhí amháin i ndiaidh d'iarratas agus d'aitheantas a bheith bailíochtaithe. Féadfar an tréimhse sin a shíneadh 2 mhí eile ar a mhéid nuair is gá, agus castacht agus líon na n-iarrataí curtha san áireamh. Sa chás seo, cuirfimid ar an eolas tú faoi aon fhadú laistigh de 1 mhí tar éis dúinn an iarraidh a fháil, agus na cúiseanna leis an moill.

**Cad iad na muirir?**

Ní ghearrtar aon táille ar Iarratas an Duine ar a Shonraí.

Mar sin féin, má mheastar go bhfuil d'iarratas 'go follasach gan bhunús nó iomarcach' (mar shampla iarrataí iomarcacha nó má tá na fadhbanna a bhaineann leat féin a aithint mar dhuine aonair i mbailiúchán sonraí ró-mhór) tá sé incheadaithe dúinn:

1. Táille réasúnta a ghearradh ort, agus na costais riaracháin a bhaineann leis an bhfaisnéis a sholáthar / an gníomh a iarrtar a dhéanamh áirithe leis; nó
2. A dhiúltú chun gníomhú ar d'iarratas.

**An ceart gearán a thaisceadh leis an údarás maoirseachta.**

Faoin reachtaíocht um chosaint sonraí tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí má mheasann tú go bhfuil an phróiseáil arna déanamh ar do shonraí pearsanta i gcoinne an dlí um chosaint sonraí. Ag seo, sonraí teagmhála an Choimisiúin

| | |
|---|---|
| Post: | Teach na Canála, Bóthar an Stáisiúin, Cúil an tSúdaire, R32 AP23, Co. Laoise. |
| R-phost: | info@dataprotection.ie |
| Fón: | 0761 104 800 nó an uimhir íos-ghlao 1890 252 231 |
| **Ar líne:** | **https://www.dataprotection.ie/** |